

## An Dearbhú ó Iontaobhaí Carthanas a bheidh ag gabháil le hAthrú ar Shonraí sa Chlár Carthanas

**Treoracha:** Iontráil ainm iomlán an charthanas chláraithe ar an líne poncanna agus léigh agus sínigh an dearbhú. Ní mór do gach iontaobhaí carthanas foirm aonair a shíniú agus ní mór an fhoirm a scanadh agus í a uaslódáil mar chomhad pdf ansin i d’aighneacht ar líne, nuair is gá.

### Ainm an charthanas, mar atá sa Chlár Carthanas

.....

Uimhir Charthanas Chláraithe: .....

Dearbhaím:

1. Go bhfuilim ar an eolas faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ar iontaobhaí carthanas faoin Acht Carthanas 2009 agus go ngabhaim orm féin na dualgais agus na freagrachtaí sin a chomhlíonadh agus gníomhú i gcomhréir le doiciméad rialaithe, beartais agus nósanna imeachta na heagraíochta thuasluaite;
2. go bhfuil cistí na heagraíochta thuasluaite á sealbhú i gcuntas ina hainm féin amháin;
3. gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil, nó go mbeidh, obair le daoine soghonta – lena n-áirítear leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas – i gceist le gníomhaíochtaí na heagraíochta thuasluaite, gur chuir an eagraíocht thuasluaite na nósanna imeachta uile um measúnú riosca, na seiceálacha sábháilteachta uile agus na coimircí uile a cheanglaítear le dlí i bhfeidhm agus go leanann sí le iad a chur i bhfeidhm. Is deimhin liom go bhfuilim agus go bhfuil na hiontaobhaithe carthanas eile de chuid na heagraíochta thuasluaite incháilithe agus oiriúnach do ghníomhú mar iontaobhaithe carthanas de chuid na heagraíochta thuasluaite;
4. nach bhfuilim dícháilithe óna bheith i m’iontaobhaí carthanas faoi alt 55 den Acht Carthanas 2009;
5. go dtuigim agus go gcomhaontaím go bhféadfaidh an Rialálaí Carthanas aon fhaisnéis phearsanta atá tugtha agam a úsáid chun críocha a fheidhmeanna faoin Acht Carthanas 2009 a chomhlíonadh agus de réir a Bheartais um Chosaint Sonraí. Glacaim leis, i gcás gurb ionann mo shonraí teagmhála agus mo sheoladh agus iad sin de chuid na heagraíochta thuasluaite, go mbeidh siad sin le feiceáil ar an gClár Carthanas poiblí;
6. gur léigh mé agus go dtuigim alt 39(15) den Acht Carthanas 2009, ina luaitear:  
*“Aon duine, i gcomhlíonadh airbheartaithe an ailt seo, a thugann don Údarás go feasach nó go meargánta faisnéis nó sonra atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó a chreideann i ndáil le haon fhaisnéis nó sonra den sórt sin an tráth a thugann sé í nó é i gcomhlíonadh airbheartaithe an fho-ailt sin nach bhfuil sí nó sé fíor, beidh an duine sin ciontach i gcion”.*

Síniú	Priontáil d’Ainm	Dáta